


COMÓRTAS AMHRÁN
NUACHUMTHA 1995



An Cheathrú Rua
Co. na Gaillimhe

ÁRAS NA GAELIGE

&

ÁRAS MHÁIRTÍN UÍ CHADHAIN

GAELIGE LABHARTHA

CÚRSAÍ & RANGANNA

Mic Léinn 3ú Leibhéal Daoine Fásta

Foghlaimoirí ó Thíortha eile

Tionsclaíocht & Gnó: Bainisteoirí, Cléirigh

Boird Sláinte: Feidhmeannaigh & Banaltraí

Meáin Chumarsáide: Irisoirí & Láithrithoirí

Múinteoirí: Bun & Iarbhunscóile

Cúrsa Ullmhúcháin: Cálíocht sa Ghaeilge

Tuilleadh Eolais:

Áras na Gaeilge, Áras Mháirtín Uí Chadhain,

Coláiste na hOllscoile, An Cheathrú Rua,

Gaillimh. Co. na Gaillimhe.

091 / 24411 / Facs 26509 091 / 95101 / 95038 Facs 95041

COMÓRTAS

na hAMHRÁIN NUACHUMTHA

Coiste 1995

Gearóid Ó Murchú (Cathaoirleach),

Brid ní Chualáin (Rúnaí)

Dónall Ó Cholchúin,

Risteárd Mac Aodha,

Máire ní Chátháin.

*Leabhrán foilsithe ag Coiste Comórtas
na hAmhráin Nuachumtha 1995*

Gléachur,

Áras Mháirtín Uí Chadhain

An Cheathrú Rua

Dearadh agus leagan amach:

Mandaí Uí Mhurchú

Clódoineacht:

Clódoiri Lurgan,

Indreabhán

Feabhra / Márta 1995

Bean a' Tí

Máirin ní Ghadhra

Moltóirí

Pádraig Ó hAoláin

Nóirin ní Ghrádaigh

Seán Monaghan

An Comórtas Náisiúnta Pan Cheilleach

Urraíocht don gcomórtas seo faighte ó :

Údarás na Gaeltachta
Raidió na Gaeltachta

Urraíocht bhreise (Duaiscanna)

Stiúideo 7
Stiúideo West One
Stiúideo Harmony Row
Cló Iarchonnachta
Mulligan
Féile Náisiúnta Phanchelteach



Dónall Ó Colchúin

Le gairid d'fhuadaigh an bás vaim gan choinne an scríbhneoir agus an cumadóir, Dónall Ó Colchúin as an gCeathrú Rua. Ba dhuine lách laethúil é Dónall agus tharraing sé meas an phobail air féin.

Ó 1988 i leith bhí sé ina bhall gníomhach de Choiste Chomórtas na nAmhrán Nuachumtha agus is cinnte go n-aireoidh muid uainn é.

Is mian leis an gCoiste a bhás a chásamh lena bhean chéile, Emer, lena chlann Máire, Áine agus Micheál agus lena dheartháireacha Mac Dara, Donncha, agus Dáithí.

Go dtuga Dia suaimhneas síoraí na bhFlaitheas dá anam.

Séamas Ó Cualáin


Focal Buíochais

Tá Coiste na nAmhrán '95 go mór faoi chomaoin ag na hiarchoisteoirí, Máire Uí Iarnáin, Tomás Mac Con Iomaire agus Seamas Ó Cualáin a d'oibrigh go dian dícheallach ar an gcomórtas seo thar na blianta agus a thug an-chúnamh agus comhairle dúinn i mbliana.

OSTÁN AN DOILÍN

An Cheathrú Rua

Fón: (091) 95177/95169



Rogha an Óil — Toghá an Cheoil

Oscailte ar feadh na bliana

Ceol gach deireadh seachtaine

Déanfar freastal ar gach cineál ócáid, Partaí nó Bainis.

Bialann

SPRAOI — SPÓIRT — CRAIC

Focal ón gCoiste

Tá Comórtas na nAmhrán Nuachumtha 1995 buailte linn - agus tá áthas orm bheith in ann a thuairisc go bhfuil cursaí cumadóireachta amhrán i nGaeilge ag breathnú thar a bheith folláin faoi láthair. Ní fios cé mhéad amhrán nua a cumadh le míonna beaga anuas, cuid acu nach bhfeicfidh solas an lae go deo b'fhéidir, agus cuid eile a mbeidh ionná orthu amach anseo.

Déirigh thar barr leis an gcomórtas seo ón uair a bunaíodh é i 1984 cumadóirí a spreagadh chun dul i mbun pinn. Tá ard mholadh ag dul dóibh siúd a chuir ar bun é an chéad uair agus do na coistí agus coisteoirí a choinnigh ag imeacht é ó shin i leith.

Tríocho a dó amhrán ar fad a bhéas le cloisteáil ar stáitse Óstán an Doilín ar an 25ú Feabhra, meascán breá 'Pop', 'rac' agus raip a dhreatháir' agus sean-nós le cois. Rachfaidh 12 de na hamhrán seo ar aghaidh go dtí an babhta ceannais a bhéas ar síúl san Ionad céanna ar an 11ú Márta. Déanfaidh buaiteoirí gach rannóige ionadaíocht ar son na héireann ag an bhféile Phan Cheilteach i dtRá Lí aimsir na Cásca.


Ábhar dóchais dúinn an oiread cumadóirí nua atá aimsithe againn i mbliana. Go n-éirí go geal leo.

Ba mhaith leis an gcoiste buíochas ó chroí a ghabháil le 'chuille dhúine a thug cúnaimh dúinn an comórtas seo a eagrú, go háirithe do mhuintir Áras Mháirtín uí Chadhain agus Kaidio na Gaeltachta agus d'ár gcuid urraithe ar fad, ní fhéadfaí a leithéid de chomórtas a reachtáil dá n-uireasa.

Déanamid combhrón le muintir Uí Cholchúin ón gCeathrú Rua, ar bhás Dhónaill a thug tacaíocht láidir don chomórtas, mar chumadóir agus mar choisteoir ón uair a bunaíodh é. Ar dheis Dé go raibh a anam.

Mar fhocal scoir, guimid gach rath ar na hiomaitheoirí uilig. Go n-éirí an t-ádh libh sa gcomórtas, ach níós tábhachtaí fós b'fhéidir, bíodh na hamhrán seo le cloisteáil nuair a bhéas an comórtas thart. Bainigí úsáid astu agus tíocharaidh beocht iontu.

Gearóid ó Murchú,
Cathaoirteach.



Rannóga agus Duaiscanna

Rannóg 1: Amhrán nuachumtha, fonn nuachumtha, le tionlacan.

Lú Ait: Duais \$250

Corn/plaic an duine don chumadóir agus don fhonnadóir. Seisiún taifeadadh i Stiúideo 7 á dhronnadh ag Bord na Gaeilge.

2ú Ait: Duais £150

Corn/plaic an duine don chumadóir agus don fhonnadóir.

Rannóg 2: Amhrán ar an Sean-Nós le rogha foimn.....sean nó nua.

Lú Ait: Duais £150

Corn/plaic an duine don chumadóir agus don fhonnadóir. Seisiún taifeadadh i Stiúideo West One á dhronnadh ag West One.

Luach \$50 de chaiseíd/dlúthdhioscaí á dhronnadh ag Cló Iarchonnachta.

2ú Ait: Duais \$80

Corn/plaic an duine don chumadóir agus don fhonnadóir.

Rannóg 3: Amhrán nuachumtha, le/gan tionlacan; ní gá go mbeadh an fonn nuachumtha, ach ní ghlacfar le sean-nós.

Lú Ait: Duais \$200

Corn/plaic an duine don chumadóir agus don fhonnadóir. Seisiún taifeadadh i Stiúideo Harmony Row á dhronnadh ag Matt Purcell.

2ú Ait: Duais \$100

Corn/plaic an duine don chumadóir agus don fhonnadóir.


Duais speisialta don óige: á bronnadh ag Mulligan, Gailimh.

Chomh maith leo seo bronnfar duais aitheantais ar chumadóir agus fonnadóir gach amhrán sa gcomórtas.

Duaiscanna airgid á mbronnadh ag Coiste na nAmhrán Nuachumtha agus an Coiste Náisiúnta Pan Cheltheach


Is ar an gcumadóir a dhronnfar gach duais airgid. Faoi / fúithi. siúd a bhéas cén chaoi a roinnfear é.

Déanfaidh buaicéirí gach rannóg ionadaíocht ar son na hÉireann ag an bhféile Phan Cheltheach.



CLÁR

Amhrán	Cumadóir	Rannóg Lth.
Aill an Aifrim		2
Amhrán an Oil		3
Amhrán Sheáin		2
An Gaiscíoch		3
An Saol Fadó		1
Ar Maidin Dé Domhnaigh		2
A Sheáinín, is tú tá crua		3
A Stóirn Mo Rún		2
Cáirde mo Chroí		1
Caoineadh Guinevere		1
Caoineadh na Mhá Tréigthe		1
Céad Slán Leis an Aird Mhóir		3
Céad Slán leis an Imirce		5
Cén Treo Anois?		3
Conamara a Chairde		1
Deireadh le Ré		1
Fan, fan go fóill		4
Grá Geal mo Chroí		1
I gQuinnhne mo chéile		1
Is Fearr An t-Ádh Ná Éirí Go Moch		2
Marion mo mhíle ghrá		3
Mo Hata Nua		3
Ná Bí Romham		1
Níl agus Tá		1
Oicheanta Dorcha		3
Póigín		1
Rámhailí Ré Ró		4
Scamall ar mo chroí		3
Scail le do Rún		1
Sgeolán Caoch		1
Tá Sé n'lá		2
Teanga ár gCroí		1
Uaigneach		3
Donall ó Colchúin		34
Una Uí Dhroighneáin		15
Tomás Mac Con Iomraie		43
Bearta Breathnach		38
Seán óDomhnaill		9
Antaine ó Faracháin		21
Séamus ó Fearghail		16
Tomás Mac Eoin		13
Jackie Mac Donncha		19
Fionn Ní Fhlatharta		53
Eoin ó Catháin		29
Máire Ní Bholguidhir		32
Aislínn Mhic Aodh		35
Brian ó hEadhra		18
Féilim Mac Donncha		47
Liam ó Donnchadha		46
Máirín Uí Dhúbhda		26
Mícheál ó Conhlaola		30
Ina Ní Ghriofa		36
Dairbhí ó Connall		42
Colm Mac Conhlaola		33
Greg ó Braonáin		27
Una Seoighe		23
Learaí Ó Finneadha		45
Seán Ó Coistealbha		25
Brid Bn Uí Chadhain		41
Seán Ó Gráinne		3
Clíodhna Ní Mhurchu		49
Breandán ó h-Eaghra		17
Learaí Ó Finneadha		51
Eithne Ní hUallacháin		40
Máire Ní Bholguidhir		11
Evelyn Bn Uí Mhaolcáin		51
		22



An Saol Fado Seán O Domhnaill

Nuair a dhreathnaím ar an spéir-ghlas
Tagann smaoineamh i mo cheann,
Ar na daoine a bhí ann fadó
Ar an spraoi agus ar an ngréann.
Ní raibh caint ar an Teilifís
Ná an Raidió, ní raibh sé ann,
Ach b'fhada le gach duine
Go dtiocfadh séasúr an áirmeáin.

Curfá:-

Tá rotha an t-saoil ag casadh léi
Go cainte agus go mall,
An pointe is faide síos inniú
Beidh sé thuas ar ball.

Bhí an sclábháiocht go forleathan
Ní raibh fhios acu ní b'fhearr.
Ag éirí le glaoch an choiligh
Agus ag colmhlint leis an trá.
Ní raibh caint ar an leictreachas
Ná aon tráchtearra dá dhúil ann,
Ach ag cartadh 'ins an ngríosach
Ag súil le deargadh éicint a fháil.

Curfá:-

Bhí an obair ann go flúirseach
Ní raibh mórán cainte ar cháin,
Ach ag cur na ndeora allais
Ar lá fada is beagán pá,
Bhíodh an buidéal tae sa stoca
Ina bpóca bhíodh an t-aran,
B'iad uirlisí an fhir cheirde
Ná laí, píce agus sleán.

Curfá:-



Ní raibh aon trácht ar chearta Ban
Ná Idircheallú Mná.

Mar d'oidbrigh siad go díograiseach

Chomh crua agus a bhí le fáil:

Ins an gcladach le cliabh fearmainne

Nó ins an teach ag tógáil clainne,

Bhí siad ag saothrú a mbeatha

Is ní raibh am le dheith ar fán.

Curfá:-

Tá an saol sin imithe leis anois

Ní fheicfear a leithéid go deo,

Ach ní feidir liom gan cuimhníú

Ar na daoine sin fadó,

Bhíodh caint agus cáil ar fhrí 's mná

Bhíodh a gclíú i bhfad 's i ngearr,

Go dtuga Dia slán abhaile iad

Mac, Iníon, Athair 's Máthair.

Curfá

*Guíomn muid gáach
rath ar an gcomórtas*

Ó

KING OIL

Indreabhán

93210 - 93350

Tá Sé n'Lá

Eithne Ní Uallacháin

Luinneog

S tá sé n'lá a mhíle grá,

S tá sé n'lá dhúinn theacht le chéile,

S tá sé n'lá a mhíle grá,

An uile dhuin' ar fud na cruinne.

Mná is leanai na Somáile,

Ar fán le hocras ar na bóithr'

Anseo tá flúirse bia ar fáil,

Is míthid duinne roinnt le chéile?

Luinneog

Briseadh croí is síleadh fol,

Sa tír dheag seo ó bhail' go baille

ar mhaithe lena ndéithe féin,

Narbh aolbhinn suaimhneas measc a chéile?

Luinneog

Fir is mná na cine daonna,

Choíche 'g iomaíocht le chéile,

An acu atá na tréithe is deise,

Nó na smaoint' 's éirimíúla.

Luinneog

Tán flamenco in sa Spáinn,

'S fídléirí binn sa tSualainn,

Sean nós in Indreabhán,

Tá saibhreas cultúr againn uile.

Luinneog

Saibhreas croí 's saibhreas teanga,

Saibhreas ceoil 's saibhreas damhsa,

Nuair a fhasann saibhreas grá dá chéil,

Ansin beidh saibhreas spioradálta.

Luinneog

Roinnimidne teas na gréine,
s gile draíochtúil na gealaí,
Leoithe aobhinn mín na gaoltaí
S ionann sin i spiorad na cruinne.

Luinneog x 3

MG

MAHOGONY GASPIPE

Iris don óige ó

Bhord na Gaeilge

Mahogany Gaspipe

- popcheol
- srathisceál
- litreacha
- comórtais



- léirmheasanna ar scannáin agus ar theilifís



Bord na Gaeilge

7 Cearnóg Mhuirfeann, Baile Átha Cliath 2. Teileafón: (01) 676 3222

12

A Stóirín Mo Rún

Tomás Mac Eoin

A stóirín má tá tusa i d'aonar,
Nach dtiocfása arís ar cuairt,
Níor chuála ná ní bhfuair mé uait scéala,
Le fada mo bhron is mo chumha,
Ba mhian liom a dheith arís leat ag éisteacht,
Is ag smaoinreamh ar an am úd fadó,
Ní fhéadain ort dearmad a dhéanamh,
Mar ba tusa mo stóirín is mo rún.

Nuair a shiúláim go h-uaigneach tráthnóna,
San áit úd a mbíodh tú liom,
Ag tóiríocht aobhnis arís agus áthas,
Mo chrá ghéar atá imithe arú,
Is gearr gur b'é inniú amárach,
Ach an lá seo ní thiofaidh níos mó,
Ní airíonn tú níos mó mé á rá leat,
Gur tusa mo stóirín is mo rún.

Tá an t-Earrach arís ag teacht faoi bhláth chugainn,
S na h-éiníní ag ceol go dínn,
Is iomai sruthán atá imithe le fána,
O thug mise grá do nádúr an tsaol.
Ba tusa an rós cumhartha álainn,
Is tú ag siúl liom go ciúin cois cuain,
Bhí na réalta ag damhsa le h-áthas,
Mar gheall ort a stóirín is a rún.

Ná brionglóidí a bhíodh 'ansa an t-am sin,
D'imigh siad mar chúr na dtonn,
Tá an sruth do mo tharraingt le fána,
Mar bhád a chaillfeadh a stiúir.
Tá an sruth seo ag éirí ró-láidir,
Tá na báid á dtarraingt chun cuain,
Cén mhaithe dom a dheith níos mó á rá leat,
Gur tusa mo stóirín is mo rún.

13

Ba mhian liom a stóirn,
a dheith go fóilleach ag ceol duit.
Mar is páirt mhór an ceol do mo shaol,
Nuair a dhimse i gcomhlúadar ceolmhar,
Iníonn an t-uaigneas seal díom.
Ach is d(i)uitse a stóirín an t-amhrán seo,
Níl mórán eile fágtha agam gan tú,
Sé tús agus deireadh mo dhán duit,
Gur lusa mo stóirn is mo rún.

MATT PURCELL

*Innealtóir Fuaimne
Taifeadadh & Beo*

Stiúideo Harmony Row, Inis, Co. an Chláir
Teil: 065-40255 (Baile) nó 41199.



ARAN SEABIRD • ISLAND DISCOVERY

Ag seoladh as Ros a'Mhíl dhá uair ar a leghad gach lá
go

OILEÁIN ÁRANN

i 40 nóiméad

CEANGAL SPEISIALTA BUS IDIR GAILLIMH AGUS ROS A'MHÍL

Gach eolas agus ticeid ar fáil ag an oifig i:

Victoria Place, Gaillimh

nó ar an gceibh i:

Ros a'Mhíl

Fón: 091-61767/72273

Facs: 091-62069

Amhrán an Óil *Una Uí Dhríogáineáin*

Tá cúpla líne le scríobh ar am ó thosaigh an bhliain nua,
Faoi thiomáint gus ólacháin, greann agus spraoi,
Má tá aon chiall agat fágáil taxi nó cab,
Nó beidh tú fíor-thuirseach ag híchéaili gach áit.

O nach fada an tréimhse é, dhá bhliain nó níos mó,
Gan cead agat tiomáint ag obair nó ag ól,
Má theastaíonn uait stopadóireacht, teachtaireacht nó aon ní,
Beidh ort taxi a ordú nó brisfidh tú an díl.

Níl ansin ach an tús mar a chuala mé faoi,
Diabhal árachas le fáil agat sé'n pionós is mó,
Beidh an teist le hathdheanamh, rud deacair go leor.
Is beidh do cháirín leath-loite nuair a chuirfeas tú chun bóthair.

Nach dona an scéal é má théann tú ag an mbeár,
Níl cead ach leath-ghloine den stuif dubh 's bán,
Tóg an Pioneer pin sé an moladh is fearr,
Is ní dheidh faifíos ar dhá ort roimh an squad car.

Céad slán don saol fadó ní raibh caint ar aon dheár,
Ba 'sliogh sa teach sibín a dhéantáí an greann,
Ní raibh caint ar aon mháilín ná séideadh ann síos,
Bhíodh neart don stuif glas ann, 'gus lóisín na hoíche.

O sin é mo scéalsa faoin tiomáint is an t-ól,
An portar 'is an chraic, 'gus rogha do gach ceol,
Ach cé'n mháilín d(i)omsa é, is mé na mílte ón mbóthar,
Mo cháirín leath-loite gan cead tiomáint níos mó.

A Sheáinín, Is tú 'tá crua Séamús o Fearghail

'Siúl síos an bóthar,
Is drochobair ar intinn 'at,
Is tú 'tá crua, mhaicín Bán!
' Siúl síos an bóthar,
Ní muinte a bhéas tú i bhfad,
Is tú 'tá crua, mhaicín Bán!
Bíonn tú 'eascainí 's a' troid
Is a' caitheamh tobac,
A Sheáinín 's tú 'tá crua (crua) x 2.

Curfá:-

Lá de na laethanta seo is,
Tú i dtrioblóid is leat féin,
Cá n-iompóidh tú, 'Sheáinín?
(x 2)

An iompóidh tú ar Dhia a' déanamh aithrí,
Nó 'mbeidh tú fós ró-chrua,
An iompóidh tú ar Dhia a' déanamh aithrí
Nó 'mbeidh tú fós ró-chrua, 'Sheáinín?

'Siúl síos an bóthar, is do choisceim
Chomh lán de ghus,
Is tú 'tá crua, 'Mhaicín Bán!
'Siúl síos an bóthar,
Le cuma throdach ar do phus,
Is tú 'tá crua, 'Mhaicín Bán!
Bíonn tú ag ól go trom 's a' troid
Is a fáil do choda,
'Sheáinín 's tú 'tá crua. (crua).

Curfá

Scamall ar mo chroí Chiodhna Ní Mhurchú

Níl fágtha ar an gcéilbh seo
Ach cuimhníúcháin is smaointe,
De na laethanta a chaitheamar
I gcomhlúadar a chéille.
Nó gur dhúirt tú go raibh tú ag imeacht uaim;
Ag éalú leis an ngaoth.
Anois ní ann ach glór na bhfaoi léan
Agus síoscadh na bhfarraigí.

Curfá:-

Cá bhfuil tú anois
A dhuine chóir?
Nach n-aitrionn tú mo phian?
Nó an cuimhin leat an lá
A dúirt tú liom
Gur mé do mhian?

Nuair a d'fhág tú ar an mbád sin
Tháinig scamall ar mo chroí,
Mar bhí 'fhios a'm nach bhfeicfhn t(h)ú
Anseo go deo arís.
Is anois tá tú ag éalú uaim;
Tá scamall thar an ngrían
Tá tú i bhfad i gcéin
Thar farraigí, thar chatracha, 's thar tír.

Curfá:-

Gheall tú go scríobhrá:
Lítr gach lá
Nach cuimhin leat do ghrá geal
A d'fhág tú 'caoineadh ar an trá?
Tá blas an tsáile ar an mbáisteach
'S tá do ghlor le fáil sa ngaoth,
'Sé déadan 'tá le feiceáil a'm
I mo bhrionglóidí.

Cén Treo Anois?

Brian Ó hEadha

Tá mo spiorad briste,
Scaipthe, scríosta;
Ar lúscadh sa ghaorth,
I bhfad ó mo chroí.
Idir dhá shaol,
Táim breoite, i mbaol;
Ag lorg mo chúise
Fé dheiridh.

Curfá:-

Cén treo anois?
Cén treo anois?
Cén slí is fearr?
Leanfaidh mé ar aghaidh
Gan freagra, gan fáth,
Dan rud ar bith ach m'intinn.

O lá go lá
Ceistim an fáth
Go bhfuil grain ar aghaidheanna
Mo dhráithre,
Aineolas, náire;
Tá ciall dul amú;
Theip ar theagasc na staire.

Cáirde mo Chroí

Jackie Mac Donncha

I gcoinnéal beag bídeach, de gharraí mór mílteach
An Sioladóir, chrath sé 'chuid síl
Thit ar na creaga, ar chríathrach, ar chiadach,
Ar thóiltán, ar shruthán, is slabh
Ach as fréamha beag bídeach, tháinig barra mór mílteach
Mar d'fhás astu cáirde mo chroí.

Curfá:-

D'ith mé libh, d'ól mé libh, shiúl mé libh, cheol mé libh
Nach a'inn a dhí saol na bhfuilí.
D'imir mé báire libh, d'éalaíos thar saile libh,
Cá bhfuil sibh a cháirde mo chroí?
Scalpeadh ó chéile muid, mar scata éanacháí,
Cuid againn soir 's cuid siar,
Tá smúit in sa' mbealach ar ghrian is ar ghealach
Táin óiche níos dorcha ná 'riamh
Ach lá éicint amach anseo, gealfaidh 'na mhaidneachan
Is feicfidh mé cáirde mo chroí.

Curfá:-

Aclaithe damanta, báireoirí paiteanta,
Tréithe nárbh fhéidir a chloí,
Cén fáth gur scar sibh liom, cén fáth nár than sibh liom
Faraor, chuaigh cuid agatbh i gcill,
Ach lá éicint amach anseo, crúinneoidh gach mac againn
'S beidh muid in éineacht arís.

Curfá:-



1992



1991

CENTRA

SIOPA AN PHOBAIL

Indreabhán

Ollmhargadh den scoth
Peitreal, Leabharlann Físteipeanna, BÁCÚS



1994



1993

Ar Maidin Dé Domhnaigh Antaine ó Faracháin

I gcoimneál beag bideach, de gharraí mór milteach
An Sioladóir scaip se ' chuid síl
Lá éicint amach anseo bláthóidh na barrái seo
Is beidh muid le chéile arís
I gcoimneál beag bideach, de gharraí mór milteach
Beidh mise 'gus cáirde mo chroí.

Curfá: x 2

nó

D'imir mé báire ilbh, d'éalaíof thar sáile ilbh,
Cá dhfuil sibh a cháirde mo chroí?
Cá dhfuil sibh a cháirde mo chroí?
Cá dhfuil sibh a cháirde mo chroí?

CONAMARA

TAISPEANTAS IOLMHEÁNACH AR
THEAMA CHONAMARA LE
SEASCA EALAÍONTÓIRÍ ÉAGSÚLA

16^ú MÁRTA - 6^ú BEALTAINE

An Dámhlann - A Kenny Gallery
Cearrlann an Spideil
Fón (091) 83733 Facs (091) 83734



'S ar maidin Dé Domhnaigh 'sea tháinig sí tráthúil go leor,
An cáilín deas múinte a bhí solheannta cneasta 'gus cóir,
Bhí a bráid mar an eala, 'gus a gruaig dheas ar dhath an óir.
Ach d'fhág sí liom féin mé, 's ar mo chroí istigh a d'fhág sí an drón.

'S a stóirín 's a thaisce nár ba thusa 'bhain díomsa mo chiall,
'S nach mise atá treithlag 's mé ag breathnú anseo in do dhiaidh,
Ora bhí mé chomh sásta, t(n)ú a fháisceadh isteach le mo chroí,
Ach d'fhág tú liom féin mé, 's sruth deora ag síleadh liom síos.

'S thíos ag an aicearra 'sea chonaic mé an pabhsae ar dtús,
Ba í an planda ba dheise í a d'oscail ariarnh faoi dhrucht,
Bhí a súile riba ghille ná na réaltaibh ar oíche chúin,
'S a bhrúinneallín chaoin-deas nach leatsa a lig mé mo rún.

'S tá mise lag lúbach 's tá mearbhall ag rith i mo cheann,
Ach dá mbeadh an aimsir seo i m'áice dheamhan blas ar bith eile ach greann,
Siúlfaidh mé coilte faoi ghleannntáin, 'gus cnoic atá ard,
Ach go deo deo arís, ní thógfaidh mé an t-aicearra cam.

'Gus an bairtíle a mbíonn fion ann, óra fanann an draon in sna cláir,
'S nach minic é ráite gur cloíte an galair an grá,
Mar nuair a shíl mé í a mhealladh nár dhiúltaigh sí mé ar an tsráid,
'S anois tá mé gointe 's ní leigheasfar arís mé go brách.

'Gus tháinig an dochtúir aréir 's é ag triail chun mo thi,
'Gus an sagart é féin, nár tháinig sé 'om ina dhiaidh,
Nuair a d'fhiafraigh siad díom, cén leigheas a bheadh aam ar mo phian,
Cead sinnte cois srutháin, 's dhá phógáin a fháil ó mo mhian.

Uaigneach Evelyn Bn Uí Mhaolcáin

Táim ag fanacht ag an bhfuinneog ag faire amach d(h)uit
O éirim ar maidin go deireadh an lae,
Táim ag breathnú ar an bhfón ag súil le glaoch
Ach ní sheasann tú sa tsráid is ní ghlaonn tú ariamh.

Curfá:-

Gheall tú d(h)om go dtiocfá ar ais
Gheall tú nach mbeinn anseo l'iom f(h)éin,
Chaoim mé ar dtús ach anois níl deoir
Tar abhaile mo ghrá, beidh fáilte romhat.

Is cuimhin liom na laethanta a chaith muid ag siúl
Is cuimhin liom an grá tá sé fós i m' chroí,
Tá mé uaigneach anseo i gCarna l'iom f(h)éin
Ag fanacht leis an lá a bhfillfidh tú arís.

Curfá:-

Fanfaidh mé anseo d(h)uit, sin dúirt mé leat
Is anseo a dhéas mé go dtiocfaidh tú ar ais,
O tar abhaile agus l'ion mo chroí
Le h-áthas agus gliondar is grá arís.

Cló Iar-Chonnachta Teo.,
Indreabhán, Conamara

Fón: 091-93307 Fax: 091-93362



* Leabhair ón nGaeltacht
* Caiséid & CD's ceoil agus amhránaíochta
* Fíil agus scríbhneoirí ag léamh a saothar
* An cluiche Domino do pháistí.

* Úrscéalta, gearrscéalta, amhráin srl.,
* Leabhair nua-aoiseach do dhéagóirí
* Físteipanna do pháistí
* Cártaí Gaeilge Aifrin / Poist

Catalóg iomlán le fáil saor in aisce ón seoldáil thuas

Ná Bí Romham Una Seoighe

Curfá:-
Ná bí romham ag na crosbhóithrí,
Ná bí fanacht l'iom níos mó,
Mar scrios tú an grá bhí eadraim,
Is chuir tú m'am amú,
Ná bí romham,
Ná bí romham ag na crosbhóithrí níos mó.

Trí stoirm is trí ghála bhíodh mo
ghrá-sa 'gcónaí fíor,
Nó gur airigh mé ar ball beag
Go raibh tú 'ngrá le bean aniar,
Ná bí romham,
Ná bí romham ag na crosbhóithrí níos mó.


O mhionnaigh tú's dúirt tú l'iom,
Nach raibh tú amuigh aréir
Ach fós faraor nach fachtas t(h)ú,
Ag an bPleáráca thiar Tigh Sé,
Bean eile ar do ghlúine at
Is gan aon náire ort faoi,
Ach ná bí romham,
Ná bí romham ag na crosbhóithrí níos mó.

Níl fanta anois ach smaointe 'am
'Dul timpeall i mo cheann,
Ar na hoicheanta rómánsúla úd
Faoin ngealach is i lán,
Ag cogarnail go grámhar lena chéile
'múigh faoin spéir,
Ach dhris mo chroí 'mo lár istigh,
Nuair a chuala mé faoi 'éir.

Thréig tú mé gus chéas tú mé,
Gan údar leis ná fáth,
D'fhág tú anseo i m'áonar mé,
Agus mo chroí istigh á chrá,
Ach le cabhair ó Ri na nGrásta
Tiocfaidh mé ón ngábh,
Níl fágtha 'am le rá anois
Ach rá bí romham arís go brách.

Curfá

ÉIST LE
ÍDE NÍ CHEALLAIGH
ar **Galway Bay F.M. 96.8 FM**
'The Half Door'
'Ceol den Scoth'
gach **Luan 8.00pm - 10.50pm**
Ceol Traidisiúnta - go speisialta Ceol Áitiúil



CLÓDÓIRÍ LURGAN

Indreabhán, Co. na Gaillimhe
Fón: 091-939251/93157 Facs: 091-93159



DEARADH • CLÓCHUR • PRIONDÁIL
Leabhair • Irisleabhair • Postaeir • Staiseanóireacht

Oicheanta Dorcha Seán O Coistealbha

Oicheanta dorcha
S mé go huaigneach liom féin,
ag macnamh ar na laetha dhí
is daoine atá i gcéin.
Tagann tú ar ais chugam
mar Aisling go cíthín.
Grá thabhsé mo stairce
a d'éalaigh uaim faoi rún,
a d'éalaigh uaim faoi rún.

Labhráim leatsa
go minic 's go cuí.
Nochtain-se m'anam duit,
is mianta móra mo chroí.
Fágtar mé go folamh
i bhfianaise na scáil.
Ag caoineadh snáithíní na seirce
atá fuadaithe sa ngaoth,
atá fuadaithe sa ngaoth.

Éalóidh mé leatsa
chuíg do róocht sí.
Tréigfidh mé mo thrua
ar thóir m'aiseirí.
Ní leor liom feasta smaointe
do mo chéasadh is mo chrá.
Bíodh muid ina chéile,
Aingeal beo mo ghrá,
Aingeal beo mo ghrá.

Fan, fan go fóill
Máirín Ní Dhuibhda

Fan, fan go fóill,
Fan, fan go fóill,
Fan liom a stóirín,
Fan, fan go fóill.

Is gearr uainn an mhaidín, is gearr uainn an lá,
Is gearr uainn an scarúint, mé f(h)éin is mo ghrá,
Le heirt na greine árdóidh mé mo sheol,
Fan lom a stóirín, fan, fan go fóill.

Tá'n ghealach'sna réalta sa spéir goh-ard
Tá arraing agus néalta 'mo chroi's 'mo lár
Ach giorraíonn beirt bóthar is iad ag dul an ród
Fan liom a stóirín, fan, fan go fóill.

Tá mé 'fágáil Chonamara, tá mé 'fágáil mo thír
I bhfad ó mo mhuintir, i bhfad ó mo mhian
Trasna na dtomta, amach sa saol mór
Fan liom a stóirín, fan, fan go fóill.

Mar cheangal na máthar do leanbh a cléibh
Nó cúram an iolair don éinín san aer
Ba liomsa do sciathán, thaispeáin tú an treo,
Fan liom a stóirín, fan, fan go fóill.

Bhí mé f(h)éin is mo mhúrnín le chelle gach lá
Ag spraoi is ag súgradh, ag eitilt go h-árd
Imeoidh mé amáireach i bhfad ó Thír na n-Og
Fan liom a stóirín, fan, fan go fóill.

Mo Hata Nua
Graig ó Braonáin

As páipéar, ribín, téip, is gliú
a rinne mé mo hata nua,
Féach anois mé i m'inion rí,
Le cóiste óir ar chúl an tí.


Curfá:-
Mo hata nua,
Mo hata nua,
Rinne mise mé féin mo hata nua,
le páipéar, téip agus ruaimín gliú,
a rinne mé mo hata nua.

As páipéar, cleití agus téip,
bhain me féin an oiread scléip.
Is mise Big Chief Sitting Bull.
Bíodh fáiltíos oraibh, le dhur dtoll.

Curfá:-
As páipéar, ribín agus seoda,
a rinne mé mo choróin ghleocite.
Is mise an Bhanríon Lúlu Cúí,
agus is sibhse mo chuid scarbhóntaí.

Curfá

go n-éirí go geal leis an comórtas
an Crúiscín Lán
 an Spidéal 091-83148
 Toghá gach bí agus rogha gach dí
 Scoth an cheoil agus an craic



Oireachtas '95
 3 - 12 Samhain
Baile Átha Cliath
 (Ceantar Faiche Siabhna)

Dátaí deiridh iontrála
 Comórtais Liteartha - 1 Fíil
 Comórtais Ardáin - 15 Meán Fómhair

Gach eolas ar fáil ó:
 Oifig an Oireachtais
 Contradh na Gaeilge
 6 Sráid Fhearchair
 Baile Átha Cliath 2
 (01) 475 3857 nó (01) 475 7401

Caoineadh na Mná Tréigthe
Eoin ó Catháin

Cois dhruach na habhann moir,
 Do chualas ógbhean cráite ag glaoch,
 A Mhicil, tá tú imithe ar strae,
 Mar d'fhag tú an bhaile inné,
 Is níor ói tú do chuid tae,
 nois tá mé uaigneach thart ar Pháircceanna Blá an Rí.

Curfá:-

Nach iséal iad Páircceanna Blá an Rí,
 san áit a chuir glliondar ar mo chroí,
 Bhíodh cantainn binn na n-éan
 ag cur áthas orainn araon
 ach 'nois tá sé uaigneach timpeall Páircceanna Blá an Rí.

O do thit mé uair i ngrá
 Is is cuimhin liom an lá a bhí ann,
 Nuair a chuamar beirt ag siúl cois na habhann,
 Bhí an ghrian geal sa spéir
 O bhí gach rud an soiléir,
 ach 'nois tá sé uaigneach thart ar Páircceanna Blá an Rí.

Curfá:-

Ní haoibhinn liom an nóin
 Tá mo chroí lán de dhron i lar an lae,
 O múcadh an solas i mo shaol,
 Mar tá tú i bhfad i gcéin,
 Is tá mise anseo liom fhéin,
 Is ní fheicimid arís tú i mbála an Rí.

Grá Geal mo Chroí Micheál O Conhaola

O tar chun siúil a ghrá geal mo chroí,
Tá mé linn i mo chroí is ní chodlainn san oíche,
Má thagann tú liom an róidín seo síos,
Is cinnte go mbeidh deireadh le brón is briseadh croí.

Go deireadh aréir 'sea chuála mé an scéal,
Go raibh tú imithe uaim thar sáile i gceirn,
O shuigh mé síos go ciúin ar chnocán liom f(1)éin,
Mé ag smaoinreamh ar mo ghrá geal lá thar sáile 'dhfad i gcéin.

O tuige a ghrá geal ar fhág tú mé,
Gan fhios agam cen fáth gur éalaigh tú uaim,
O bhí tú lán tsásta le cúrsaí an tsaoil,
Nó meastú a ghrá geal an dhiflúidh tú choíche.

Tar chugam a ghrá geal is fáisc le mo chroí,
Is beidh muid sona sásta go deo deo arís,
Beidh aoibhnis an tsaoil againn an fhad 's mhairis muid beo,
Beidh mise is mo ghrá geal ag siúl linn an ród.

Nuair a luínn ar mo leaba go deirneach san oíche,
Is ort bhínn ag smaoinreamh a ghrá geal mo chroí,
Tá mo chroí istigh dá réabadh ó mháidín go h-oíche,
Mura dtaga tú a ghrá geal ní mhairid beo mí.

Tá mo shaoilsa beagnach caite ag fanacht leat ó lá go lá,
Ach fágaim na mílte Deannacht leat pé stáit a bhfuil tú ann,
Ach má thagann tú a ghrá geal, tar ins an oíche,
Is abair liomsa a stóirín go dhfana tú agam choíche.

Teanga ár gCroí Máire Ní Bholgaidhir

Is cuid dár ndúchas í, is cuid dár gcultúr í,
'sí an teanga atá ag na héireannaigh í,
Is cuid den seansaol í, is cuid den stair í,
Labhródh muid an Ghaeilge, teanga ar gcroí.

Ná biodh muid an-lagmhisiúil ach biodh muid dóchasach,
Cuirimhígn ar an méid a dtáinig sí tríd,
Ná biodh aon náire orainn, ach biodh ár-áthas orainn,
Labhródh muid an Ghaeilge, teanga ár gcroí.

Is linn í a choinneáil beo, mar a bhí sa tír fadó,
Labhródh muid an Ghaeilge, anois le brí,
Ná biodh sí 'dul i léig, ach biodh sí 'dul i méid,
Labhródh muid an Ghaeilge, tagann sí ón gcroí.

Tithe Saoire na n-Oileán

Éanach Mhéain
Leitir Móir
Conamara



Tithe ar Cíos
Oscailte an Bliain ar fad

Gailf, Marcaiocht Capall, Íascaireacht, Turais go hÁrainn

Gach Eolas ó Phádraic Ó Conghaile
Fón: (091) 81163 / 72348 Facs: (091) 81146

Céad Slán Leis an Aird Mhóir
Máire Ní Bhoiguidhir

O suíge thart timpeall agus éist le mo scéal,
Is ceann é atá coitianta níl sé neamhghnách faraoir,
Tá mé ag caint ar an uaigneas agus an briseadh croí,
Séard 'tá gceist agam ná imirce agus fágáil do thír.

O rugadh agus tógadh mé thiar san Aird Mhóir,
Baile beag álainn , tá mo mhuintir ann fós,
Is ann chuaigh mé ar scoil is chuir mé eolas ar an saol,
Chaith mé é á fhágáil is bhris sé mo chroí.

Céad slán leis an Aird Mhóir is cáirde mo chroí,
Céad slán le mo mhuintir a bhí thart ar gach taobh,
Tagann na deora nuair a chuimhnim siar,
Tá mise i nBoston ach thiar tá mo chroí.

Nuair a dhúnaim mo shúile táim arís thiar,
Feicim an fharraige, na portaigh is an fraoch,
Cloisim na hamhráin, an chraic is an ceol,
Laethanta breá aobhainn is muid thíos ar an trá mhóir.

ÓSTÁN na PÁIRCE

An Spidéal
Dod Bhainis nó Cóisir

Gach Eolas ó Seán
nó Gearóidín ní Fhoighil
Fón: (091) 83159) Facs: (091) 83494
Tá muid anois ag glacadh áiritheintí
do 1996 - ná déan moill!

Marion mo mhíle ghrá
Colm Mac Conthaola

O, do dhíosa cloite,
is go sior am' chiapadh,
ag fáil choirche
an mblaisfínn rianh den ghrá,

Nó go bhfacas uain i
trí na sluaithe ag rinne, an réiltín aoidhinn-
sí a d'fhuascail mé óm' chrá.

Curfá:-

O, b'fhéarr liom a dheith sinthe
ar mo leaba i bpíanta,
nó i réilig síorghlas
faoi chrois gheal dhán,
Ná scarúint choirche
le grá mo chroíse,
líon mé le haoidhneas
Marion mo mhíle grá.

Leath mo shúil le hiontas,
Phreab mo chroí le rínead,
Ní raibh deoch dá dhaoire
Bhí chomh mílis lena déal.

O, sí mo stór í,
Dhearbhaitos faoi mhóid di-
mo chuid, mo mhiansa,
D'fhág sí mé ar dheagán chéill.

Curfá:-

Is síos trí na bílanta
Bhí sí le mo thaobhsa
trí bhrón is aoidhneas
le gean gan trá.
Buíochas fíor don Rí Geal
a d'éist le m' chaoineadh,
is a sheol im' shlise
Marion mo mhíle ghrá.

Aill an Aifrin
Dónall O Colcháin

Bhfuil bean ar bith san áit 'thit i ngrá le sagart óg?
A chuaign go hAill an Aifrin nuair ba mhínic an chruóg,
A d'fhan ansin sa mbáisteach 's an tAifreann bhinn dá rá
'S a dírnigh abhaile ina dhiaidh sin 'nós óigbhean 'bhí i ngrá.

Bhí mise seal faoi dhraíocht ag sagairtín deas lách,
Bhíodh Aifreann ar an sliabh againn, is thagadh daoine ann as gach áit,
Ba mhínic fir ag faire, 'chaoi nach mbéarfai air sa ngleann
Ach bhí mise sásta ag éisteach leis, is é gléasta ina éide dhán.

Ach maidin moch ag Aifreann, tháinig saighdiúirí an Rí,
Chabh siad an sagart óg ó Bhóthar na n-Acraí,
Rinneadh smidiríní den chailis a bhí ar Aill an Aifrin go hard
Is thug siad an sagart óg leo, is gan tuairisc uaidh go bráth.

Mo mhallacht do na saighdiúirí, a thóg mo shagart óg,
Nár fheice siad Mac Muire ná ríocht Neimhe go deo na ndeor
An t-aonduine a dtug mé gean dó tógtha uaimse gan aon stró,
Ach dá bhfaighinn scéala féin uaidh 's mé dheadh sasta go leor.

Má théann tú Bóthar na n-Acraí 's Aill an Aifrin ar do chúil,
Ná dearmad paidir bheag a chur le hanam sagairt umhail,
Fear a thug cúnarnh dhúinn is muid faoi smacht na nGall,
Ach, a bhíis mo chroí, nuair thóg saighdiúirí mo shagart óg ar shiúl.

Céad Slán leis an Imirce
Aislín Mhic Aodh

A Ghrá mo chroí tá an t-am ag teacht chun é fhágáil uilig in ár ndiaidh.
Tá fhios a'm go raibh na blianta go maith ach is deacair fós a fháil,
na cáirde 's an chraic a raibh eolas againn orthu.
Nuair a thosaigh muid ar ár saol, le brí is le grá,
Tá fhios at gur ghráigh mé tú ar feadh mo shaoil, mo ghrá geal mo chroí.

Tar éis muid teacht ón áit a chaithe muid ann, 's tagann gilondar ar mo chroí
'san teallach bhí fanacht le blianta anuas
Tagann smaointe fós im chroí.
Sí an tIarthar mo dhúchas, mo ghrá, mo mhian,
nuair a chríochnaíonn muid aistriú ár saol le brí, 's le grá.
Tá fhios at gur ghráigh mé tú ar feadh mo shaoil, mo ghrá geal mo chroí.

Bheith anseo leat f(h)éin tá mo shaol tomhán,
's muid in éineacht le chéile go deo,
Leis na holléáin chomh gar is na farráigí lán,
Is an drúcht ar bharr na dtonn.
Bheith ar ais ins an áit a chaithe mé mo óige
mo ghrá-geal mo bhean ar mo thaobh go deo na ndeor.
Tá fhios at gur ghráigh mé t(h)ú ar feadh mo shaoil, mo ghrá geal mo stór

Duais faoi leith don Óige

Urraithe ag

Muirgáran



5, Clós Shráid Láir, An tSráid Láir, Gaillimh Teil./Facs 091 - 64961

I gCuimhne mo chéile

Ina Ní Ghríofa

A Phat, a mhúirnín, céad slán go deo leat,
Is nach é an feall, tú dheith faoin bhíod
Mar d'fhág tú mise, faoi scamall dhólais
Ag siúl an róid, is na dúiche i m'aonar.

Ní mise amháin, ná do chlann a chaoin tú,
Ach John is Kate, 'tá anois lag aosta,
Gur scuab an bás tú, gan aon chuimhne,
Is tá muid dá gcrádh, is a Dhia ní ionadh.

B'fhearr liom agam tú, ná aon ní saolta,
Is fear níos mánta, ní fhéadfaim fháil,
Oir rinne tú dom-sa, gach ar fhéad tú,
Is buíochas mór le Dia, gur tú a bhí i ndán dom.

Ní raibh teach ceoil, ná halla áitiúil
Nach raibh thar maol, is tú ann ag casadh,
Is nach iomai fear breá, bean is páiste,
A chuir tú damhsa, le fuaim bhinn do cheoil.

I Letir Móir, aimsir féilte,
Nach iomai bliain a chaith tú ag casadh ann,
Is ar ndóigh go h-Árainn chuille lá rásaí,
Is bhíodh an brat in airde, mar chomhartha failte.

Ach anois tá deireadh le ceol sa teach seo,
Tá do accordíon sa mbosca, is do phictiúr ina aice,
Tá an t-orgán béil, leagtha i dtaisce,
Is laoch mór an cheoil i measc na naingeal.

Ach pé ar bith an uair, a ghlaofaigh Dia orm,
Is a bhéas deireadh tagtha le mo ré-se,
O leagairgí síos mé, le taobh mo chéile,
Is beidh mé faoi aobhneas, ann go brách.

Bhí agam ort, cion na gcéadta,
Is thug tú domsa grá do chroí
Ach sé an bás a tháinig, is bháin díom mo chéile,
Is suáilneas síoraí dó, i bhfaithis Dé.

Go n-éirí libh
ó

Taibhdhearc na Gaillimhe



* 180 Suíochán * * Seó Samhraidh *
* Áiseanna Cleachtadh * Seirbhísí Riaracháin *
DRÁMAÍOCHT DO GACH DUINE

Má tá aon eolas ag teastáil uait faoi imeachtaí na
Taibhdhearca, faigh i dteangmháil linn nó buail
isteach:

Taibhdhearc na Gaillimhe
An tSráid Láir
Gaillimh
091 - 62024 / 63600

An Gaiscíoch Bearta Breathnadh

'S nach iomaí bliain atá imithe anois
Ó bhí Jack linn ar an mbeel
Mar chasadh sé corr amhrán dúinn
Ach ní raibh fhios againn mórán faoi
Nó gur bunaidh Raidió na Gaeltachta
Agus thosaigh sé ag scríobh
Ach anois ar fud na nGaeltachtaí
Ní féidir amhráin Jack a chloí

D'oibrigh sé san dpulp store agus
D'oibrigh sé go dian
D'oibrigh sé le Ciarraiochtaí
Agus roinnt mhath Sasanaigh
Bhí fir as chuille chondae ann
'S iad ag cur síos ar an mbeel
Ach ní raibh fhios ag mórán fear acu
Go raibh an Gaiscíoch lena diaobh

Tá muintir Chonamara thar cionn
Ag chuille chleas
Ní raibh ár sinsir léannta
Ach chum siad amhráin dheasa
Bíonn Raidió na Gaeltachta
Ag cur cláracha ar fáil
A thugann's seans d'fhilí
An peann a thógáil ina lámh

'S nach mór an chúl de Chill Chiaráin é
Mar is ann a chónaíonn sé
Tá aithne agus eolas air
Thiar Tí Phádraic Keane
Téann sé isteach Tí Mhichael Coyne
Agus soir ag Val é fhéin
'S nach iomaí bean a shantóidh é
Mar gheall ar a chuid géim

Ag críochnú an scéil faoin bhfear úd seo
Tá rinnéad ar mo chroí
Mar is iomaí amhrán casta leis
Istigh ins an Dóilin
Tá gliondar ar an aos óg seo
Mar tógann sé a gcroí
'S go b'fhága Dia a shláinte aige
Agus fada buan a shaol.

WEST ONE

STIÚDEO TAIFEADIA
16 TRAIC LUIBHNEACH

Aonad 3
An tIonad Tionsclaíochta
Baile Bán Beag
Gaillimh
091 - 562266

le gach deá-ghuí don chomórtas
Cógaslann agus Bláthlann
Uí Mhistéil

An Cheathrú Rua 091-95154

Sgeolán Caoch **Learáí O Fhinneadha**

Nach trua géar mise teacht 'na féile Máirtan
'S mo ghaidhrín álainn imithe caoch,
Bhí croíúil, láidir, socair, sásta
Mo léan go brách mo Sgeolán.

Níor dhaol do Iachta, gé, ná bárdal
An coilleach Mártan ná na cearca buí,
Dá mairfeadh Sgeolán, Dhí acu sóláas
On mbroc liath dána, is an síonnach grimn.

Níor tógadh fós in Oileán Phádraig
Aon ghadhar chomh maithe leis ag déanamh gnuimh,
A théadh de sheársa amach sa bpáirc 'am
Ag cur i gcéill dom theacht chun tí,

Thugadh sé an Iollioch isteach ón móinéar
Go moch ar maidin is tráthnóna arís,
Shuíodh ar chorra-gheábh ansin go sásta,
Is tar éis a crúite do sheoladh í.

Thugadh sé an Glas-mhiol óna mháthair leis
Is an páinteach coinín as an ngeabhar úr glas,
Ach laoi ná bó de chuid na comharsán
Níor leag mo Sgeolán fiacaill fós air.

Is lúthmhar éasca do théadh sé in áirde
Ar charraig ársa le taobh an tí,
Le sagairt is bráithre, ghníodh sé cáirde
S le fear an mhála ní dhearna caos.

Ba chara don leanbh é, don lag is don láidir,
O éirí gréine nó go luíodh sí arís,
Ach mo choilleach greannúil tá duartha cráite
Anois ar stábla agam de íó is díóche.

Poigín **Brid Bn Uí Chadhain**

Níl agam airgead nó maoin an tsaoil,
Ní éadaí galánta atá ar mo dhroim,
Níl agam Merc nó Saab nó Jag,
Ach b'fhearr liom carr asail le do chomhlúadar ann.

Curfá:-

Tá an ghrían ag lasadh barr na gcnoc,
Tá an t-uisce ag canadh 's é ag rith le sruth,
Tá na h-éanacha ag damhsa ar dharr na gcrabhbh,
Mar gur phóóg tú mé, phóóg tú mé.

Níl aon dúil am i dteach mór árd,
B'fhearr teachtín ceann buí is é lán le do ghrá,
Ní iarraim ort péarlaí nó fainní óir,
Níl uaim ach do phoigín a ghrá is a stór.

Curfá:-

Le meanga uait, ardaíonn mo chroí,
Cuireann barróigín deireadh le hisle drí,
Cuireann poigín uait an saol ina cheart,
Gabhaim buíochas le Dia nuair atá mé leat.

Curfá

Is Fearr An t-Ádh Ná Éirí Go Moch Daithí O Connail

Ag taisteal dom chuig Oifig an Phoist Dé h-Aoine mar is gnáth,
Bhí na h-éin ag cantain ins an spéir is na crainn go léir faoi Dhláth,
Bhí mé féin ag canadh stéibh amhráin is mé go sona sámh,
Mar Dhi fhios agam sar i dhfad go mbeadh mo phinsin i mo lámh.

Do cheannaigh mé ticcéad lottery mar a dhéanann mé de ghnáth,
Mar bím gach seachtain de mo shaol ag súil leis an Spéirbhean ádh,
Is beag nár thit an t-anam asam nuair a chonaic mé go soiléir,
Go rabhas anois, gan dabht ar bith, i m' mhuilti-millionaire.

Do thosaigh mé ag béiceadh is do chailheas mo hata san aer
Is do chuas timpéall ag craithheadh láimh leis na siopadóirí go léir,
Do chailheas mo rothar isteach sa t-Sionnan is cheannaigh mé gluaisleán,
Mar ó Duardha an t-saol, as seo amach, dhí mé cinnte go mbeadh mé slán.

Do chuas isteach in Ostán mhór is d'ordaigh mé dinnéar,
A leithéid de bhia is gach saghas dí atá le fáil faoin spéir,
Do chuireas glaoch ar mo dheartháir atá i Montreal,
Is mo dheirfiúr atá anois ina cónaí san Astráil.

Ach ansin baineadh geit asam is beag nár dhris mo chroí,
Nuair a chuaila mé an clog-alarm ag fiche chun a naoi,
Bhí an "taibhreamh" thart is dhí sé in am a dheith ag crú na mbó,
In Ionad dheith i m' millionaire is ar mo shámhín só.

Amhrán Sheáin Tomás Mac Con Iomaire

Tráthnóna lá cheana is mé ag síul cois a chladaigh
Sea chonaic mé uaim thú i do shuí ar an aill,
Bhí dorú faoi do chosa is an snúda i do lámh at
Is do churraichín leagtha at anuas ins an snámh.
Dhearcas ort lámall, is tú i mbun do ghnáithe,
Tú i d'fhathach mór láidir ó mhuintéal go sáil
Is gur dhúirt mé an lá sin cibé cá rachainn
Nach dhfeicinn i síul seachtaine aon fhear ní b'fhearr.

Chuir mé ort aithne mar chomharsa is mar charad
Ag obair san ngarraí is ag iascach den aill,
Ag ól punch ar an teallach, ag ól pionta Tí Saile
Ní gheobhí dá n-iartrá comhludair ní b'fhearr.
Ní raibh ariamh thart ort ach comhludair gearuill
Bhí ornós is meas ort ag fir is ag mná,
Fiú amháin na gasúir, ní raibh uathu ach a dheith thart ort.
Chuirteá an oíche ina gheal dóibh is bhíodh 'chuille lá breá.

Ba mhar a chéile leatsa, tincéara is easpóg
Ba mhar a chéile leatsa, an sean is an t-óg.
I do chomhludair gearuill ní raibh aon lá fada
Bhíodh oícheanta go maidin ar do thinteán breá mór.
Nach brónach mar a tharla, gur ón tinteán a d'fhág tú,
is gurb' i an tine mhór dhreá úd a thóg tú ón mbeo,
Is gur fhág tú do ghaolta, comharsain is cairde
Go duartha is go cráite is beidh arís go deo.

Níor chuaila mé cheana, is ní chloisfidh mé cheapfainn,
Aon fhocal tarcaisneach fút faid a dhí tú beo
Is ó d'fhág tú do chairde croibhriste is cráite
Alreoidh muid uainn tú i ngleann seo na ndeor.
A Sheáin a dhí gearuill mar ba dual aithar
A dhí chomh láidir le tarbh ach chomh bog leis an bpóg
Is saibhre go mór fada, muide a dhí lámall thart ort,
Is ní dhéanfar ort dearmad faid a dhéas muide beo.

Le haghaidh scoth na h-earraí de do rogha freín
Buail isteach!

Tigh Tomás Breathnach

Grósaer
An Cheathrú Rua

Níl agus Tá
Learaí Ó Fhineadh

Dúirt Mac Alla 'lá cheana le Dubhán Alla,
Go raibh dallach thuas in san Dáil,
Go ndeachaigh Mac Alla go dtí Mac an Droma,
Ach ní raibh amharc air abhus nó thail,
dhul sa tóir ar Mac an Dála,
Ní dheidh sé i bhfolach, mar ní air seo tada ach ciliú agus cáil,
'go dtoghaidís dhá thaoiseach, a chuirfeadh shape ar an tír seo,
'go dtadharfaidís ainm dhóibh,
Níl agus tá.

Beidh na huaisle go cinnte ag síúlóid na tíre,
Nó i gcóiste breá bóthar má bhíonn siad le fáil
Beidh Mac an Pheata 'na phleota ag imeacht ina dtimpeall,
Ag láiocht is ag líochán,
Níl agus tá.

Tá 'n Mac Alla fós gníomhach,
Is bogha ceathra na thimpeall,
Níl forás na suainhneas thuas in san Dáil,
Beidh Mac an Droma ar an strapa,
Go ceann dána ag stracadh
Is Mac an Dála san bPaca,
'fáil na trí chárta is fearr.

Chuirfín comhairle fós 'Fan anois ar Mhac Anna',
'dul thart leis an dreoilín thuas in san Dáil,
's gach leath scór a bhfaighfeadh sé 'chur i n-ead Dubhán Alla,
Is chaillfeadh Mac Daba a ciliú is a cháil.
Tá an anachain déanta 's na Fianna anois cloíte,
's ceannas na tíre ag Co. na Mí,
Tá De Rossa ar a chosa,
Ag dualadh 'chuid bosa,
Agus Dick Mac an Earraigh fear cliste le díl.

Ní dheidh aon cheannaire dílis arís in san tír seo,
Mar a ngearfaidh siad Taoiseach,
Nach bhfuil air aon cháin,
Mar tá sé san scríobh chomh dearfa cinnte,
gur seafóid é gandal a snocradh ar áil.

gach deá-ghuí ó
Tigh Hughes
an Spidéal
091-83447
'Ceol, Óil, agus Craic'

CLAN ELECTRICS
11 SR. DOIMINIC, GAILLIMH / AN CHEATHRÚ RUA
091-588710 091-95092
LE HAGHAIDH DO CHUID RIACHTANAIS LEICHTREACHAIS GO LÉIR
HI-FI - VIDEO - TEILIFIS - SATELLITE

Deireadh le Ré Liam O Donnchadh

Scéal brónach á fhógait in Uarán
D'fhág croithe na ndaoine go tháith,
Mná rialta na háite ag imeacht
Tar éis dlánta móra fada san áit.
Tá móimheas is gearn ag gach éinne
Ar ord na Toirbhirte gan dhréag
O tháinig comhlúadar an chlochchair
Ag scaipeadh go fíal teagasc Dé.

Do bhunaigh siad scoileanna áille
Sár Bhunscoil is Meánscoil den scoth,
Is tháinig na daltaí 'na slóite
Go hUarán ó ionaid amuigh.
Bhí clú agus cáil ar a saothar
Nach sárófáir 'nois ná ariamh
Go hacadúil rinneadar éachta
Ins gach cluiche do rug leo an chraobh.

Do chailt siad go groi le gach duine
Le hóg is le haosta araon
Is tá iarscoláirí uile díobh buíoch
in Éirinn 's i dtíortha i gcéin.
Sa séipéal úr nua Paróiste
Do thugadar seirbhís mhór
Ag réiteach na mbláth ar an altóir
Is go stuama ag stiúradh an chóir.

Tá deireadh le rá anois tagtha
An grúpa ag imeacht, faraor,
Cuid acu go Tuaim is go Gaillimh,
An fúilleach go Bailie Átha 'n Rí.
Guim sonas is séan orthu uile
Pé áit a ndireofar a dtriall
Is go gcastar sinn uile 'sna todhcaí
Lena chéile in Ayras na Naomh.

Conamara a Chairde Féilim Mac Donncha

Curfá:-
Conamara a chairde
Níl aon áit mar í,
O Bheama go Carra
Rosmuc 's Tír an Fhia,
An áit a mbíonn sóláis
Is radharcanna breátha,
Má imíonn tú siar leat
Thar Bhóthar na Trá.

Is iomaí rud ráite
Faoi chondae Chiarraí,
I ngeall ar an áilleacht
Le feiceáil gach taobh,
Ach tá áilleacha deasa
Ní bréag é ach fíor,
Más mian leat dheithn sílalach
Sna ceantreachaí thiar.

Tá na sléibhte, na locha
's na haibhneacha slán,
O dhruiscar na cathrúch
Is a Dhia níl aon cháin,
Ar shaoirse na háite
An ciúnas ón slua,
I nGaillimh tá aoibhneas
Sna Flaithis faoin dtuath.

Tá bailte le fáil ann
Iad beag agus mór,
Maigh Cullinn, an Clochán,
An Máin, Leitir Móir,
Cill Chiaráin, Cill Rónáin,
An Tulach, mo mhian
Tá sásamh ag cách ann
Fíu amháin an Bhanríon.

Tá ár dteanga á labhairt ann
An cultúr slán beo,
Déan eolas an bhealaigh
I nGaeilge gan stró,
Tá sean nós is danhsa
Is portaireacht béil,
Is seit Chonamara
Tí Hughes an Spidéil.

Rámhailí Ré Ró Seán O Gráinne

Téann baid siar go hárainn
O mhaidin go hoíche,
Ar dhromchla na mara
O chéibh Ros a Mhí,
Bionn an téan mór sna néalta
Muna mbíonn ann aon cheo,
Nach iontach an rud é
dheith ag breathnú thuas leo.

Tá athrú i ndán duinn

Tá argóint fós faoi,
An dhfeicfidh gach teaghlach

De bharr Micheal 'D',
Beidh slánú na Gaelige

Do pháistí ina suí,
Ag faire na gcartúin
Ar chlár T. na G'.

Tá tobar na Gaelige
Gan trionú go deo,

Tá coláistí Gaelige
Lán d'íomhar is beo,

Tá Camus is Ciarán
Ceann nua i Ros a Mhí,
'S Connacht is Lurgan

Tá i bhfad ar an saol.

Má bhuaileann an tart tú

I ndiaidh obair lae,
Tá tithé óil fairsing

'S iad ar fad réidh,
Tí Terry, Tí Chualáin,

Tí Mhac is Tí Sé,
Tá leigheas ar an tart ann
Suigh síos abair é.

Tá an scéal seo sách fada
Ní mór dom suí síos,

Nó caithear amach mé
Ní dheidh deis agam arís,

An soiscéal á scaipeadh
An scéal mór á rá,

Má théann tú ar cuairt ann
Nach ort dhéas an t-ádh.

Aréir i mo chodladh sea chonaic mé fis,
An spéirbhean a b'áille dá bhfaca mé 'riamh.
A grua dhí lasta is ba ghleoite a sciarnh,
Is dhí a cloigeann ag soilsiú go direach mar naomh.
Chaoch sí a súilín, is ba gheanúil a haoibh,
Dhruid sí i m'aice 'gus shuigh le mo thaoibh.
"Cé thusa, a stóirín?" a d'fhiafraigh mé di,
"Mise Caitlín Ní Uallacháin, Éire na Naomh."

Rug mé ar a láimhín, 'gus phóg mé mo stór,
Mar dhí draíocht ina súile a mhealladh go leor.
Shíl mé go bpreabfadh mo dhá shúil amach,
Leis an iontas dhí orm nuair a dhearc mé isteach.

Bhí teanga na Gaelige go hiomlán faoi réim,
O bhruacha na Bóinne, go barr Chnoc Mháméan.
O dhóthar Seanchille go hoifig Shinn Féin
'Gus sa gConnradh le fáinne dhí Paisley s'ainn féini

Bhí obair go fairsing i ngach áit le fáil,
Tír-ghrá is dea-shampla in uachtar sa Dáil.
Na himircigh óga 'dhi i Meirceá thall
Bhíodar tosaithe 'na mílte a' teacht anall.

Ní raibh phosún ná cúirt ar bith fágtha sa tír,
Nach raibh tréighthe le fada ceal achrainn is brúin'
Ní raibh glas ar aon doras, ní raibh gunna ná scian
Nach raibh clúdaithe le dusta istigh sa músaem.

Bhí na daoine go síorai ag cur preab san ól,
Bhí poitín á dhéanamh ag sean agus óg.
Bhí na gardai á dháileadh ag 'chuille chrosbhóthar,
Ag Doire Né, An Teach Dóite is ar ndoigh Leitir Móir.

Bhí Gaybo ar féarach le fada an lá,
'Nós na Conneries fadó, dhí sé dibríthe go brách.
Bhí R.T.F. beagnach bánaithe idir fhir agus mhná,
T.N.G. 'fud na háite ag craoladh gach lá.

Thosaigh foirne na hÉireann ag gnóthú go leor,
Tommy Coyne agus Niall Quinn 'fáil scór 'ndiaidh scór.
Ach ní raibh R.T.F. sásta iad a thaispeáint níos mó
Do b'fhearr cluichí Chú Chualáin ná cluichí gallda dar leoi

Scaoil le do Rún Breandan O h-Eaghra

D'fhéadfadh tú dheith fuar agus filuch,
Ach ní bheithfeá leath chomh fuar,
Nó leath chomh filuch leis an gcaitlin bocht,
A chaitheann di a cóta in san oíche,
Coiméal di féin aici,
Salachar na n-aicme arda í.

D'fhéadfá dheith chomh cruá le cloch,
Agus dhuaifeá cois, d'óifá deoch,
Dhéanfá maitheas air, an té a rinne,
Maitheas ort ariamh,
Coiméal duit féin agatsa,
Salachar na n-iseal aicme thú.

Curfá:-

Scaoil le do Rún (x 3),
O na bailte beaga go na catnachra móra,
Scaoil le do rún,
Don cháilin glórmhar, don bhuachaill ciúin
Scaoil le do rún

An bhliain a leagadh balla Bherlin,
Cuirleadh mallacht ort, d'ingh leat,
Mar bhí saoirse uait,
A deir tú liom le craithheadh i do ghloir,
Anois tá coiméal duinn féin againne,
Salachar an t-saoil amuigh nach mór.

Curfá:-

An té a scríobh a ainm i gcloch,
Dhiol sé a anam liom,
Bhí peacaí tromá ach bhí nós aige,
é féin a chéasadh uair nó dhó 'chaon lá,
Coiméal dó féin aige,
Gan aicme árd nó iscal dheith dá chrá.



An bhfuil do shúile oscailte fós?

Tá an tuairim ag teacht chun cinn gur leictreachais ná an gráth bhogáin agus féidir tinn ar saol a athnú ar chuma a rachtadh chun tairbhíe do dhaoine eile. Má úsáidimid fuinnreamh níos fálaithe a chur ar do bharáille uisce te, nuair a éiríonn leat teas a chlaomhú na glúine atá le teacht. Úsáidiam na meaisíní niocháin nua-áimseartha níos tu leictreachais, uisce fuinnimh feidhmúil 80% níos lú agus píodar galúnaí. Agus tá lipéid nua Soláthair an Leictreachais le gaire duit.



DEA-EOLAS FUINNIMH

Don seanfhear dailta,

don spéirdhean ghleoithe,

D'aois na hóige, don chúpla pósta,

Don chumhne ghránna, don té atá sasta,

Ná bí chomh ciúin,

Do mhná na caointe, na coirp atá sínte,

na boilig líonta,

an dochar déanta.

Don chumhne ghránna,

Don té atá sasta,

Ná bí chomh ciúin,

Don cháilín glórmhar, don bhuachaille ciúin,

Scaoil le do Rún.

An té a scríobh a ainm i gcloch,

Dhíol sé a anam liom,

Bhí a pheacai trom,

Ach dhí nós aige,

É féin a chéasadh uair nó dhó 'chaon lá,

Coiméal dó féin aige,

Gan aicme árd nó íseal dheith dá chrá.

AN FHEADÓG

BIA MARA, FEOL, BRICFEASTA, LÓN agus 'TAKE AWAY'

9.00am - 3.00am

IONAD NÍOCHÁIN na CEATHRÚN RUA

GLANADH, TRIOMACHÁIN, DEISIÚCHÁIN, TIRIM GLANADH

FÁG I TTGH RONNIE EADAIGH AN TÍ

AGUS BEIDH SIAD RÉITTHE ROIMH A NAOI

BAILEOIDH MUID UAIT IAD - FÓN: 952222

CEARDLANN na CEATHRÚN RUA

CEARDAÍOCHT DEN SCOTH DÉANTA I gCONAMARA

'PHOTOGLAZING' ar PHLÁTAÍ

Caoineadh Guinevere

Fionn Ní Fhialtharta

Nach deas mar a lasann an ghrian do chlaíomh,

An ghrian do chóta órga.

Nach deas mar a fheachann tú ar chapall mór,

Mo laoch breá cóir

Táim i gcónaí ar do thóir.

Is banphrionsa traochta, ciapaithe mé,

Mar nach bhfuilim le grá mo chleibh,

Fear uasal eile a luíonn le mo thaobh,

Ach tá mo chroí ag Lancelot.

Mar is dána 's is cróga é mo Lancelot,

Ridire bán an chaisleáin Camelot.

Curfá:-

'S oh-oh-oh mo rún-oh

Táim brónach i do dhiadhn,

'S oh-oh-oh mo rún-oh,

Tá gual dubh déanta de mo chroí.

Is uaigneach an áit é an Caisleán mór,

Tá sé lán le h-óir,

Ach cén mhaith domsa é.

Ach dá mbeithreá liomsa dheimn

Ceart go leor.

Mo mhíle stór,

Tá tú i bhfad i gcéin.

Curfá:-

Mo stóirín ní féidir liomsa luí.



RAIDIÓ NA GAELTACHTA

Scéalta Beaga agus Scéalta Móra

Ceol, Cabaireacht agus Cuideachta

ó Adhmhaidin go Tráthnóna

ar

RAIDIÓ NA GAELTACHTA

Craoladh beo ar

FM/VHF

ar fud na tíre

forbairt na gaeltachta



*Caomhnú na
teanga agus an
Chultuir Ghaeltachta -
tá páirt thábhachtach
agatsa san obair !*



Údarás na Gaeltachta

Na Forbacha, Gaillimh Teil. (091) 92011 Teileacs:50159 Facs:92037